AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001

---

# GAEILGE - ARDLEIBHÉAL

# PÁIPÉAR I

**(170 marc)**

---

**DÉARDAOIN, 7 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA-1.30 go dtí 4.20**

---

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

**Ceist 1** *agus* **Ceist 2** a fhreagairt**.**

---

| CEIST 1 | - CEAPADÓIREACHT - | [100 marc] |
|---|---|---|

Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C, D** anseo thíos.
**[N.B. Ní gá dul thar 500-600 focal nó mar sin i gcás ar bith.]**

| A | - AISTE- | (100 marc) |
|---|---|---|

**Aiste** a scríobh ar **cheann amháin** de na hábhair seo.

*(a)* Nósanna agus tuairimí faiseanta – tá aos óg na linne seo ina sclábhaithe acu.

*(b)* An Fíorghrá – ní mórán de a fheictear i saol an lae inniu.

*(c)* 'Éireannachas' – cad é féin?

| B | - SCÉAL - | (100 marc) |
|---|---|---|

**Scéal** a cheapadh a mbeadh do rogha **ceann amháin** díobh seo oiriúnach mar theideal air.

*(a)* Is minic a bhíonn ciúin ciontach.

*(b)* Aoibhneas.

| C | - ALT NUACHTÁIN/IRISE - | (100 marc) |
|---|---|---|

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo.

*(a)* Bhí fógra san iris *Feasta* ag iarraidh ar dhaltaí Ardteistiméireachta ailt a scríobh ar an ábhar "*Na meáin chumarsáide – tá an iomarca tionchair acu ar mheon an phobail.*" Scríobh an t**-alt** a chuirfeá chuig an eagarthóir ar an ábhar sin.

*(b)* Chuir tú agallamh ar thriúr iarscoláirí de chuid do scoile féin a bhfuil (**nó** a raibh) fadhb acu (fadhb óil nó drugaí, mar shampla). Scríobh **alt** d'iris na scoile a bheidh bunaithe ar an agallamh sin.

| D | - DÍOSPÓIREACHT/ÓRÁID - | (100 marc) |
|---|---|---|

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo.

*(a)* Scríobh an **chaint** a dhéanfá, i ndíospóireacht scoile ar son **nó** in aghaidh an rúin seo a leanas: "*Ní fhaigheann daoine óga éisteacht ar bith sa tír seo*."

*(b)* Is tú ambasadóir na hÉireann go Meiriceá. Tá ort píosa cainte a thabhairt ag cruinniú i mBoston a mheallfaidh turasóirí agus lucht tionscail go hÉirinn. Scríobh an **píosa cainte** a thabharfá ag an gcruinniú sin.

**CEIST 2 - LÉAMHTHUISCINT - (70 marc)**

**A – (35 mharc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **[Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, oiread agus is féidir leat.]**

## ANOIS, CÉ ATÁ CHUN DEIRIDH?

Rinneadh scéal mór de sna meáin chumarsáide anuraidh faoi gur ainmníodh Giúdach, An Seanadóir **Joseph Lieberman**, mar iomaitheoir do leasuachtaránacht na Stát Aontaithe. Rinneadh comparáid idir sin agus ainmniúchán Caitlicigh, **J.F.Kennedy**, don uachtaránacht 40 bliain ó shin. Agus 55 bliain caite ó aimsir Hitler, is ábhar iontais dom go bhfuil an pobal a bhreathnaíonn orthu féin mar cheannairí ar an daonlathas agus atá ina gcónaí sa tír is mó forbairt ar domhan fós ag díospóireacht faoin gcreideamh atá ag a bpolaiteoirí.

Reáchtáladh an feachtas uachtaránachta sna Stáit Aontaithe anuraidh ar nós mar a reáchtálfaí feachtas ollmhór margaíochta. Bhain an caiteachas ba mhó a rinneadh le bolscaireacht teilifíse agus roinneadh an lucht vótála ina fho-mhargaí, na grúpaí eitneacha éagsúla, mná, Críostaithe, Giúdaigh, an eite dheis, na deoraithe ó Chúba, daonlathaigh Reagan agus araile. Rinne gach aon fheachtas iarracht margaí nua a aimsiú, a fháil amach cad ba mhian leo agus teachtaireacht an iomaitheora a dhíriú go sonrach orthu sin. Níor cheap na saineolaithe margaíochta sa tír is nua-aimseartha ar domhan, gurbh fhéidir le páirtí polaitíochta ar bith ann bean, ná duine gorm, ná Giúdach, a 'dhíol' leis an bpobal mar iomaitheoir san fheachtas uachtaránachta.

Thug an t-iarrthóir Poblachtánach, **John McCain**, faoina chomhpháirtí, **George W. Bush** mar gheall go raibh Bush ag lorg tacaíochta ó ollscoil **Bhob Jones** agus ó Chríostaithe ar an eite fhíordheis. Theip ar **McCain** sna 'réamhthoghcháin' i dtrí Stát ina dhiaidh sin, rud a chuir clabhsúr lena fheachtas toghchánaíochta. Léirigh an eachtra seo go bhfuil cumhacht na gCríostaithe Bunúsacha fós láidir i bpolaitíocht na Stát Aontaithe faoi mar a léirítear san aorscannán, *Bob Roberts*. D'fhéadfadh eolas a bheith ag roinnt mhaith sa tír seo ar ollscoil Bhob Jones mar gurb í sin an ollscoil a bhronn a dhochtúireacht ar an Dr. **Ian Paisley**.

Ba dheacair a shamhlú go dtabharfaí aird i bPoblacht na hÉireann ar an gcineál creidimh, nó easpa creidimh, a bheadh ag polaiteoir a bheadh ainmnithe do phost sinsearach. Tá triúr Giúdach, triúr Protastúnach agus líon níos mó ná sin nach mbaineann le hEaglais faoi leith sa Dáil. Bheadh sé rídheacair ar ghnáthphobal na tíre na polaiteoirí ó na grúpaí mionlaigh sin a ainmniú. Tá tionchar na nEaglaisí laghdaithe go mór ó thaobh cúrsaí polaitíochta de. Ní fhéadfaí a áitiú anois go n-éireodh leis an Eaglais Chaitliceach rialtas a bhriseadh mar a tharla i 1951 de bharr *Scéim na Máthar agus an Linbh* a d'fhógair an Dr. **Noel Browne**. Bhí ceannlínte sna nuachtáin le gairid faoi gur cháin an tAire Dlí, Cirt agus Comhionannais moltaí na n-easpag i dtaobh na dteifeach. Comhartha é seo go bhfuil tionchar na n-easpag ídithe ó thaobh na polaitíochta de. Ní déarfainn go seasfadh ceachtar de na hiarrthóirí uachtaránachta sna Stáit Aontaithe chomh láidir sin i gcoinne eaglais ar bith mar nach dteastódh uathu múisiam a chur ar sciar téagartha den mhargadh polaitiúil.




**Geraldine Ferraro**

Tharraing ainmniúchán mná, **Geraldine Ferraro**, den chéad uair, mar iomaitheoir do leasuachtaránacht na Stát Aontaithe, raic mhór i 1984. Tar éis don fheachtas dianbhinibeach sin a bheith thart measadh nach raibh pobal 'aibí' Mheiriceá réidh fós le glacadh le bean i bpost chomh sinsearach sin. D'éirigh **Elizabeth Dole** as an iomaíocht don uachtaránacht anuraidh luath go maith san fheachtas. Díol spéise go bhfuil pobail an 'tríú domhan' nach bhfuil in ainm's a bheith chomh 'haibí' le Meiriceá, ar nós na hIndia, na Banglaidéise, Srí Lanca agus na nOileán Filipíneach, sásta mná a thoghadh mar uachtaráin. Níl pobal na tíre seo chun deiridh ach oiread. Roghnaíomar beirt bhan mar uachtaráin agus san fheachtas deireanach don uachtaránacht ba é an fear a bhí san iomaíocht ba lú a fuair vótaí!

(As alt in *Foinse*)

(i) *(a)* Cén post a bhí á lorg ag an Seanadóir Joseph Lieberman anuraidh? (3 mharc)
*(b)* Cad is ábhar iontais don údar faoi mar atá sé léirithe sa *chéad alt*? (3 mharc)

(ii) *(a)* Luaigh **dhá** chosúlacht a rianaítear sa *dara halt* idir an feachtas uachtaránachta sna Stáit Aontaithe anuraidh agus feachtas ollmhór margaíochta. (6 mharc)
*(b)* Luaitear 'bean, duine gorm agus Giúdach' in aon abairt amháin san *alt céanna*. Cad a deir an t-údar faoi na daoine seo? (4 mharc)

(iii) *(a)* Cén fáth ar thug John McCain faoi George W. Bush de réir an *tríú halt*? (3 mharc)
*(b)* Cén bhaint atá ag an ollscoil a luaitear san *alt céanna* leis an Dr. Ian Paisley? (3 mharc)

(iv) Luaigh **dhá** mhórphointe atá luaite ag an údar sa *cheathrú halt* faoi chúrsaí creidimh agus polaitíochta faoi mar atá sa tír seo. (6 mharc)

(v) *(a)* Cén chomparáid a dhéantar sa *chúigiú halt* idir pobal Mheiriceá agus pobail na hIndia, na Banglaidéise, Srí Lanca agus na nOileán Filipíneach? (4 mharc)
*(b)* Cén fhianaise atá san *alt céanna* a léiríonn nach bhfuil pobal na tíre seo 'chun deiridh' ach oiread? (3 mharc)

## B – (35 mharc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **[Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, oiread agus is féidir leat.]**

### CORP DUINE UASAIL


Agus gaisce Sonia O'Sullivan i Sydney 2000 á comóradh againn níor mhiste cuimhniú ar ghaiscíoch eile, Emil Zátopek na Seicslóvaice, a bhásaigh anuraidh. Le linn a óige rinne an Ghearmáin forghabháil ar an tSeicslóvaic agus cé go raibh na Naitsithe i gcoinne spóirt eagraithe níor dúnadh na raonta reathaíochta. Bhain Zátopek leas as an raon reathaíochta i Zlin, áit a raibh sé ag saothrú i monarcha bróg. Tar éis an chogaidh, b'éigean dó liostáil in arm na Seicslóvaice. Bhí an oiread sin spéise aige san reathaíocht go gcaitheadh sé uair an chloig ag 'rith' ar an spota ina raibh sé ina sheasamh ar garda. Mar chaitheamh aimsire, d'fháisceadh sé buataisí móra troma air féin agus ritheadh trí fhoraoiseacha a bhí brata le sneachta.

Tugadh suntas den chéad uair dó i 1946 nuair a fuarthas amach gur thaistil sé ó Phrague go Berlin ar a rothar chun páirt a ghlacadh i rás 5000 méadar ann! Ag na Cluichí Oilimpeacha i Londain i 1948, ghnóthaigh sé an rás 10,000 méadar gan stró. Máistir ar an raon reathaíochta a bhí ann gan aon agó. Idir 1949 agus 1951, ghlac sé páirt i 69 rás fada agus ghnóthaigh gach ceann díobh. Sa rás 10,000 méadar, níor sháraigh aon reathaí é i gcomórtais ann idir 1948 agus 1954. I gCraobh-Chomórtais na hEorpa i 1951, ghnóthaigh sé an rás 10,000 méadar agus timpeall amháin den chúrsa le sparáil aige agus sa rás 5,000 méadar bhí sé 23 soicind chun cinn ar an dara hiomaitheoir. Sháraigh sé 18 curiarracht agus i 1951, ba é Zátopek an chéad fhear a rith an rás 20 ciliméadar faoi bhun uair an chloig.

B'fhurasta Zátopek a aithint agus é i mbun rásaíochta. Bhíodh a chloigeann ag luascadh i dtólamh agus cuma chomh ciaptha air ag rásaíocht go ndúirt iriseoir amháin go mba chosúil é le fear a raibh scian ag gabháil trína chroí. Chuir iriseoir eile Zátopek i gcomórtas le fear a bheadh ag coraíocht le hochtapas! Nuair a bhíodh an rás thart, ámh, b'fhear éagsúil a bhíodh ann, é ar a shuaimhneas, é cairdiúil, gealgháireach, an-fhial agus luí aige le teangacha agus cumarsáid.

Díreach roimh na Cluichí Oilimpeacha i Helsinki (1952), dhíbir an t-údarás Cumannach reathaí óg, Stanislav Jungwirth, as foireann Oilimpeach na Seicslóvaice mar gur chaith a athair tréimhse i gcarcair de bharr coireanna polaitiúla. Bhagair Zátopek go dtarraingeodh sé siar as na Cluichí Oilimpeacha. Ghéill an t-údarás agus ligeadh Jungwirth ar ais. I Helsinki rinne Zátopek spior spear dá chomhiomaitheoirí sa rás 10,000 méadar. Cúig lá ina dhiaidh sin ghnóthaigh sé an 5,000 méadar. Ba sa mharatón a thaispeáin sé a chumas dochreidte. Le linn an mharatóin d'fhiafraigh Zátopek de churadh an domhain, an Briotanach Jim Peters, an raibh siad ag gabháil sách tapa. "Níl", a deir Peters, "táimid an-mhall". Leis sin thaispeáin Zátopek na sála do Pheters agus chríochnaigh sé an maratón 2.5 nóiméad roimh na reathaithe eile. Níor éirigh le haon lúthchleasaí gaisce Zátopek i Helsinki a shárú.

Cúpla bliain tar éis dó éirí as an rásaíocht rinneadh coirnéal de san arm. Briseadh as an arm é i 1968 mar gheall gur fháiltigh sé go poiblí roimh bheartas daonlathach Alexander Dubcek agus gur cháin sé an tSóivéid faoi thrúpaí a chur go Prague chun smacht na gCumannach a athbhunú ann. Tugadh dualgais shuaracha láimhe dó chun



é a dhíspeagadh agus chun eiseamláir a dhéanamh de. Tugadh post dó faoi dheireadh ag aistriú irisí spóirt ón Iarthar.

An bhliain chéanna, d'fhág an reathaí clúiteach, Ron Clarke na hAstráile, cluichí Oilimpeacha Mheicsiceo faoi ghruaim, gan bonn óir ar bith aige, ainneoin gurbh é an reathaí ba thapúla le deich mbliana roimhe sin. Ar a bhealach abhaile thug sé cuairt ar a sheanchara, Zátopek. Ag an aerphort, bhrúigh Zátopek beart beag isteach i nglaic Chlarke. Sa chaoi nach náireodh sé Zátopek faoin mbeartán beag níor oscail Clarke é nó go raibh sé ar an eitleán. Ceann de bhoinn óir Oilimpeacha Zátopek a bhí ann, bronntanas ó lúthchleasaí a ghnóthaigh ceithre cinn díobh agus a mheas gur thuill a chomh-lúthchleasaí, Clarke, ceann amháin.

(As alt in *The Irish Times*)

(i) *(a)* Cén tslí bheatha a bhí ag Emil Zátopek le linn forghabháil a thíre? (3 mharc)

*(b)* Breac síos **dhá** shampla as an *gcéad alt* a léiríonn go raibh spéis mhór aige san reathaíocht. (4 mharc)

(ii) "Máistir ar an raon reathaíochta a bhí ann gan aon agó" a deirtear faoi sa *dara halt*. Luaigh **dhá** phointe san *alt sin* a léiríonn fírinne an ráitis sin. (6 mharc)

(iii) *(a)* Cad atá i gceist ag an údar sa *tríú halt* nuair a deirtear gur fear 'éagsúil' a bhíodh i Zátopek nuair a bhíodh an rás thart? (4 mharc)

*(b)* Cén fáth ar díbríodh an reathaí óg a luaitear sa *cheathrú halt* as foireann Oilimpeach na Seicslóvaice? (4 mharc)

(iv) *(a)* Cén gaisce a rianaítear sa *cheathrú halt* a rinne Zátopek ag na Cluichí Oilimpeacha i Helsinki? (4 mharc)

*(b)* Cén fáth ar briseadh as an arm é de réir an *chúigiú halt*? (4 mharc)

(v) *(a)* Cén fáth ar tugadh 'dualgais shuaracha láimhe' dó tar éis é a bhriseadh as an arm de réir an *chúigiú halt*? (3 mharc)

*(b)* Deirtear sa dara halt go raibh Zátopek 'an-fhial'. Cén fhianaise atá sa *séú halt* a léiríonn é sin? (3 mharc)

*LEATHANACH BÁN*

*LEATHANACH BÁN*